Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0136(COD)**

**14959/22**
**ADD 1**

**LIMITE**

**TELECOM 473**
**COMPET 919**
**MI 844**
**DATAPROTECT 321**
**JAI 1497**
**CODEC 1774**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14344/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9471/21 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí<br>Cur chuige ginearálta<br>- *Ráiteas ón Danmhairg* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón Danmhairg maidir leis an ábhar thuasluaite.

PUBLIC

## RÁITEAS ÓN DANMHAIRG

**Ráiteas maidir leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2104 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí**

Tacaíonn an Danmhairg le sprioc fhoriomlán an Rialacháin chun a áirithiú go mbeidh céannachtaí digiteacha comhchuibhithe, slán agus iontaofa ar fáil do gach Eorpach. Ina theannta sin, táimid i bhfabhar Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a fhorbairt. I ndáil leis an méid sin, is mór againn an obair shuntasach a rinneadh ar an gcomhad seo agus is féidir linn tacú leis an téacs de mheon an chomhréitigh.

Mar sin féin, is cúis aiféala dúinn go gcoimeádtar sa Rialachán an ceanglas nach mór do Thiachóga uile na Céannachta Digití Eorpaí na ceanglais ar fad a leagtar amach leis an leibhéal dearbhaithe ‘ard’ a chomhlíonadh. Táimid den tuairim nach bhfuil an ceanglas sin comhréireach le formhór na gcásanna úsáide le haghaidh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus is ábhar imní dúinn nach mbeidh Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí ar fáil láithreach do shaoránaigh mar gheall ar cheanglais amhail crua-earraí slána seachtracha a úsáid, a bheith ag brath ar fhón cliste nua agus costasach, chomh maith le próisis a bhfuil ualach trom ag baint leo chun na Tiachóga a ionduchtú agus a úsáid ina dhiaidh sin.

Dar linne, dá dtabharfaí cead do na Ballstáit Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a eisiúint faoin leibhéal dearbhaithe ‘suntasach’, d’éascófaí glacadh na dtiachóg agus an úsáid a bhainfí astu, agus chuirfí an leibhéal dearbhaithe is gá ar fáil ag an am céanna d’fhormhór na gcásanna.

Chomh maith leis sin, is mór againn gur díolmhaíodh na micrifhiontair agus na fiontair bheaga ón oibleagáid glacadh le húsáid Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí, mar sin féin, measaimid fós go bhféadfadh go gcuirfí, leis an Rialachán mar atá faoi láthair, iallach ar a lán soláthraithe seirbhíse tacaíocht tiachóige a chur chun feidhme le haghaidh a seirbhísí, gan comhréireacht nó ábharthacht na Tiachóige, nó an t-éileamh uirthi, a chur san áireamh sna seirbhísí áirithe seo.